

# Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 18: *The Goose Girl*



Edith Somerville, *The Goose Girl*, 1888, oilpictiúr ar chanbhás, 95.5 x 132 cm.

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Tá an cailín óg seo an-chairdiúil leis an ngé feirme agus níl sí ag iarraidh an ghé a fheiceáil ar an mbord don dinnéar! Ba i gCorfú a rugadh an t-ealaíontóir, Edith Somerville, sa bhliain 1858, ach chaith sí go leor dá saol ina cónaí i mBaile an Chaisleáin, Iarthar Chorcaí. I rith a saoil, bhí sé de nós aici tamall a chaitheamh ag péinteáil agus ag obair ar líníochtaí gach lá, agus ag an am céanna bhí gearrscéalta agus úrscéalta á bhfoilsíú aici lena col ceathrar, Violet Martin.


## Fíricí faoi Ghéanna...an raibh a fhios agat?

- Gandal a thugtar ar ghé fhireann
- Góislín a thugtar ar ghé óg
- Gogail a thugtar ar ghrúpa géanna


## Am scéalaíochta: *The Goose Girl* le Deartháireacha Grimm

Is síscéal é seo a scríobh na Deartháireacha Grimm. Ba iad Deartháireacha Grimm a scríobh go leor de na síscéalta is fearr le daoine, cosúil le 'Hansel and Gretel', 'The Frog Prince' agus 'Snow White and the Seven Dwarfs'. Tá cúpla leagan éagsúil den 'The Goose Girl' ann (tá cuid acu beagán scanrúil!). Seo leagan giorraithe agus má thaitníonn an scéal seo leat is féidir leat níos mó a léamh faoi ar líne nó i leabhar sa leabharlann b'fhéidir:

*Once upon a time, there was a princess who left her home to marry a prince in a land far away. Her maid travelled with her but along the way the maid told the princess that they were going to swap places, exchange clothes and that she would be the princess from now on and the princess would be a maid. The evil maid warned the princess that she could never tell anyone about this.*




The princess was very upset and didn't know what to do when she reached the new kingdom. She went to work on a farm, minding geese. She loved the geese but she was very sad all the time because she missed her family and she wished she was married to the prince and living in the castle, like a princess should. She got into a fight with the goose farmer and he went to the king to complain about her.



When the king came to the goose farm to see what was the matter, he noticed how beautiful and sad the goose girl was and he was curious about her. He asked her to tell him what the problem was, but she said she could never tell. The king thought for a minute and said "why don't you tell that big boulder over there". The goose girl agreed and sobbed as she told the sad story to the boulder. What she didn't know was that the king was behind the boulder and he heard the whole thing.



When the king returned to the castle, he told the story he had heard to the fake princess and asked her what punishment she thought such a maid should get. The fake princess said that the girl should be flogged and banished to a kingdom far far away. The king said "Well, then that is the punishment you shall get!". The silly evil maid did not realise that the story was about her and she was dragged away to be punished, kicking and screaming. The real princess married the prince and they lived happily ever after in the castle with their pet goose. **An Deireadh.**




## **Lacha, Lacha, Gé**

Is cluiche spráúil é seo a bheidh tú in ann a imirt le do chairde agus teaghlach. Teastaíonn 5 dhuine ar a laghad. Ba cheart do gach duine a bhí ina suí i bhfoirm chiorcail, ar an urlár nó ar chathaoireacha. Roghnaítear duine amháin a théann mórthimpeall an chiorcail, a leagan lámh ar chloigeann gach imreora, agus a deir ‘Lacha’ gach uair go dtí go gcinntear lámh a leagan ar chloigeann duine éigin eile agus ‘Gé’ a rá. Ansin tosaíonn an tóir agus ní mór don ghé dul sa tóir ar dhuine éigin agus lámh a leagan ar an duine a bhí ag dul mórthimpeall an chiorcail roimhe sin agus iarracht a dhéanamh léim isteach i suíochán na gé. Mura mbeireann an ghé ar an duine in am, ní mór don ghé tosú ag leagan lámh ar dhaoine agus ‘Lacha, Lacha, Lacha...GÉ!’ a rá arís.

## **Déanaimis Gé!**

Cén fáth nach ndéanann muid ár ngé féin ó na hábhair atá againn sa bhaile? Faigh pláta páipéir ar dtús agus gearr mar seo le siosúr.



Ansin, beidh gob ag teastáil uait. Gearr amach cruth goib ó pháipéar oráiste nó roinnt pacáistíochta atá agat sa bhaile (d'úsáid mé roinnt cárta oráiste ó bhosca ríse). Marcáil súil na gé le marcóir nó peann.



Ionas go mbeidh sé cosúil le gé, greamaigh roinnt cleití ó sheanphiliúr de nó cleití a fhaigheann tú sa ghairdín nó roinnt olla cadáis, chun sciatháin chlúmhacha a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfá cosa a chur leis trí níos mó páipéir/cárta/pacáistíochta oráiste a úsáid. Ná déan dearmad go bhfuil cosa scamallacha ag géanna. Bheadh cuma an-deas ar charbhat cuachóige ar mhuinéal na gé freisin.

Anois ó tharla go bhfuil do ghé féin agat b'fhéidir go bhféadfá an phéintéireacht 'The Goose Girl' a athchruthú trí roinnt potaí agus pannaí, cabáiste agus oinniún a fháil agus duine éigin a fháil chun grianghraf a ghlacadh díot.

Tá bileog dathúcháin de 'The Goose Girl' le fáil ag an nasc seo: <https://crawfordartgallery.ie/colour-our-collection/#EditSomerville>



---

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**.

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.